
Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

**Rannpháirtíocht Phoiblí – Lá Uimh.2**

# An Pháirc Theas agus Cé Nimmo

**Clár 10**




Is limistéir iad An Pháirc Theas agus Cé Nimmo atá i mbaol tuilte mar thoradh ar scaileogú. Tá luach ar na limistéir seo mar gheall ar an áineas gníomhach a bhaineann leo, lena n-áirítear siúl, rith, agus spóirt foirne, mar aon leis na radhairc aitheanta atá le fáil uathu ar An Balla Fada. Tá sé mar aidhm leis na bearta atá molta réadmhaoine agus bonneagar a chosaint mar aon leis an tionchar a d'fhéadfadh bheith ar radharc na farraige, rotharbhealach na Páirce Theas, páirceanna imeartha, agus úsáid áineasa an limistéir a íoslaghdú.

## Ceisteanna i dtaca leis an bPáirc Theas & Cé Nimmo




## Cúrsaí mar atá faoi láthair

Rotharbhealach na Páirce Theas



## Rogha 1: Claífort Cois Farraige

Baineann an rogha seo den chuid is mó le claífort taobh thiar de rotharbhealach na Páirce Theas. Tabharfar cosaint don Pháirc Theas agus do Bhóthar Grattan i gcomhréir le caighdeán cosanta na scéime.Nascfar an claífort atá molta leis na leibhéil arda talún atá ann cheana sa taobh thoir thuaidh den Pháirc Theas. Déanfar an balla reatha ar feadh Ché Nimmo a atógáil. Cosnófar Halla an Chladaigh le balla cosanta tuilte, agus suiteálfar cosaintí in-díshuite/geataí tuilte d'fhonn go mbeadh bealach isteach ar fáil i gcónaí. Mar gheall ar chosaintí in-díshuite/geataí tuilte, beidh teacht ar Inis Caorach i gcónaí.

### Na Príomhghnéithe

1. Claífort cosanta tuilte 0.6m os cionn talamh reatha
2. Rotharbhealach/siúlbhealach reatha
3. Armúr carraige tréscaoilteach reatha

## Rogha 2: Leibhéal na Talún faoi Rotharbhealach na Páirce Theas a Ardú


Baineann an rogha seo go príomha le rotharbhealach na Páirce Theas a ardú, agus an rotharbhealach/siúlbhealach reatha a choinneáil. Tá an leagan amach don rogha seo cosúil leis an leagan amach do Rogha 1. Is é an t-aon difríocht atá i gceist ná, in ionad claífort a bheith suite taobh thiar de rotharbhealach na Páirce Theas, de réir mar a leagtar amach do Rogha 1, moltar an rotharbhealach féin a ardú le go bhfeidhmeodh sé mar an chosaint ar thuilte. Mar gheall ar chosaintí in-díshuite/geataí tuilte, beidh teacht ar Inis Caorach i gcónaí.

### Na Príomhghnéithe


1. An rotharbhealach / siúlbhealach reatha a ardú 0.6
2. Armúr carraige tréscaoilteach reatha




Rogha 1: Rotharbhealach na Páirce Theas




Rogha 2: Rotharbhealach na Páirce Theas




**Is chun críocha léiritheacha amháin atá an léaráid ealaíontóra maidir leis na tograí a léirítear thuas. Is faoi réir dearadh mionsonraithe a bheidh an rogha scéime is mó a bhfuil luí leis, lena n-áireofar, ach gan a bheith teoranta do mheasúnaithe teicniúla, ceaduithe pleanála, rannpháirtíocht bhreise leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus ceanglais reachtúla nó rialála eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht sna hábhair tógála a úsáidfear agus sa bhailchríoch/chuma a bheidh ar na gnéithe.**